

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Uirlis Inscne-Íogair Parlaiminte



Ceistneoir Parlaimintí Náisiúnta

RÉIMSE 1: Tá comhdheiseanna ag mná agus ag fir DUL ISTEACH sa pharlaimint

Fearann 1 — Córas toghcháin

Tagairt dhíreach do chomhionannas inscne in ionadaíocht pholaitiúil sa dlí bunreachtúil

1. An ndéantar tagairt dhíreach do chomhionannas inscne in ionadaíocht pholaitiúil sa dlí bunreachtúil nó i gcreat dlíthiúil coibhéiseach?

- Déantar
- Ní dhéantar

Cuótaí inscne a chur i bhfeidhm i dtoghcháin parlaiminteacha

2. An bhfuil cuótaí inscne á gcur i bhfeidhm i do chóras toghcháin?

- Tá
- Níl

Smachtbhannaí neamhchomhréireachta

2a. Cad is na smachtbhannaí (más ann dóibh) a chuirtear i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonadh an chuóta?

- Smachtbhannaí dlíthiúla (diúltú don liosta roimh an toghchán)
- Smachtbhannaí airgeadais
- Gan smachtbhannaí

An modh cur i bhfeidhm cuótaí a úsáideadh



Ná tabhair freagra ach ar C2b nó C2c ag brath ar an gcineál córais vótála is infheidhme ar thoghcháin do do pharlaimint.

2b. Má tá an córas vótála comhréireach, conas a chuirtear an cuóta inscne i bhfeidhm?

- Zipeáil (ag malartú idir iarrthóirí baineanna agus fireanna sna liostaí)
- Ag éileamh nach ionann inscne na beirte iarrthóirí ag barr an liosta
- Cóimheas 40:60 luaithe le gach cúigiú post ar an liosta
- Ní mór gur bean é 1 duine ar a laghad as gach grúpa de 3 iarrthóir
- Eile
- Neamhbhainteach

2c. Más córas iolracha/tromlaigh é an córas vótála, conas a chuirtear an cuóta inscne i bhfeidhm?

- 50% iarrthóirí baineanna
- Cóimheas 40:60 idir iarrthóirí ag a bhfuil inscne dhifriúil
- 30% iarrthóirí baineanna ar a laghad
- Eile
- Neamhbhainteach

Cothromaíocht inscne i measc iarrthóirí

3. Líon na n-iarrthóirí baineanna agus fireanna sa toghchán parlaiminteach deireanach?

Mná Fir

Acmhainní airgeadais

4. An bhfuil sásra ann chun cistí poiblí a leithdháileadh ar iarrthóirí baineanna?

- Tá
- Níl

Cothromaíocht inscne i measc na n-iarrthóirí tofa

5. Líon na mban agus na bhfear ainmnithe ar comhaltaí den pharlaimint iad?

Mná Fir

Fearann 2 - Nósanna imeachta páirtithe/grúpaí polaitiúla

Cothromaíocht inscne i bpríomhróil i bpáirtithe polaitiúla



6. Líon na mban agus líon na bhfear atá i gceannas ar príomhpháirtithe polaitiúla

Mná Fir

Is ionann príomhpháirtithe polaitiúla agus na páirtithe sin ina bhfuil 5% de na suíocháin sa pharlaimint ag an tráth a ndearnadh an measúnacht seo?

Príomhshruthú inscne i rialacha páirtithe

7. Cé mhéad de na príomhpháirtithe a thagraíonn go sainráite do chothromaíocht inscne ina rialacha inmheánacha?

- Gach páirtí
- Níos mó ná leath
- Leath de na páirtithe
- Níos lú ná leath
- Páirtí ar bith

8. Cé mhéad de na príomhpháirtithe a bhfuil eite nó coiste ban acu?

- Gach páirtí
- Níos mó ná leath
- Leath de na páirtithe
- Níos lú ná leath
- Páirtí ar bith

9. Cé mhéad ceann de na páirtithe móra a rinne measúnú comhionannais inscne ar a gcuid nósanna imeachta inmheánacha le cúig bliana anuas?

- Gach páirtí
- Níos mó ná leath
- Leath de na páirtithe
- Níos lú ná leath
- Páirtí ar bith

10. Cé mhéad ceann de na príomhpháirtithe a bhfuil rialacha inmheánacha acu a dtagraítear iontu don tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne nuair a bhíonn comhaltaí agus ceannairí á sannadh do choistí?

- Gach páirtí
- Níos mó ná leath
- Leath de na páirtithe
- Níos lú ná leath
- Páirtí ar bith

Fearann 3 – Earcú fostaithe parlaiminteacha



Nósanna imeachta roghnúcháin

11. An critéar de chuid na bpróiseas earcaithe ionadaíocht chothrom ó thaobh inscne de a áirithiú?

- Le haghaidh gach fostaí parlaiminteach
- Le haghaidh poist áirithe
- Ní hea

12. An bhfuil teanga inscne-íogair in úsáid in agallaimh roghnúcháin agus/nó in ábhair thástála?

- Is ea
- Go páirteach
- Ní hea

Mar shampla, má úsáidtear teanga inscne-íogair seachnaítear téarmaí agus ainmfhocail eisiatacha ina ndealraítear go dtagraíonn siad d'fhir amháin, mar shampla, 'cathaoirleach' nó forainmneacha inscne-shonracha chun tagairt a dhéanamh do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith baineannach nó fireannach (úsáid 'sé/sí', 'é/' nó 'iad/iadsan' in ionad 'sé/a chuidsean').

Comhdhéanamh an bhoird roghnúcháin

13. Líon na mban agus na bhfear sna trí bhord roghnúcháin earcaíochta is déanaí a ceapadh?

Mná Fir

RÉIMSE 2: Tá comhdheiseanna ag mná agus ag fir TIONCHAR a imirt ar nósanna imeachta oibre na parlaiminte

Fearann 1 — Láithreach Parlaiminteoirí agus a ról sa pharlaimint

Cothromaíocht inscne sa bhiúró parlaiminiteach

14. Inscne an Chainteora

Mná Fir

15. Líon na mban agus na bhfear ina mbaill den bhiúró parlaiminte

Mná Fir



Cothromaíocht inscne i bpríomhróil

16. Coistí parlaiminte faoi chathaoirleacht ban agus fear

Mná Fir

Dáileadh cothromaithe na mban agus na bhfear a bhfuil príomhróil acu ar fud réimsí beartais

17. Cathaoirligh coistí i bhfeidhmeanna soch-chultúrtha (sláinte, oideachas, gnóthaí sóisialta, fostaíocht, teaghlach, cultúr, spóirt)

Mná Fir

18. Cathaoirligh coistí i bhfeidhmeanna bunúsacha (gnóthaí eachtracha agus inmheánacha, cosaint, ceartas)

Mná Fir

19. Cathaoirligh coistí i mbonneagar (iompar, cumarsáid, comhshaol)

Mná Fir

20. Cathaoirligh coistí i ngeilleagar (airgeadas, trádáil, tionscal, talmhaíocht)

Mná Fir

Nósanna imeachta chun comhaltaí agus ceannairí a shannadh do choistí

21. Cad iad na bearta maidir le cothromaíocht inscne a chuirtear i bhfeidhm ar an nós imeachta parlaiminteach foirmiúil a bhaineann le ceannairí coiste a shannadh?

- Cuóta inscne – íosmhéid 40%
- Cuóta inscne – íosmhéid 30%
- Rialacha comhdheiseanna
- Beart ar bith

22. Cad iad na bearta maidir le cothromaíocht inscne a chuirtear i bhfeidhm ar an nós imeachta parlaiminteach foirmiúil a bhaineann le comhaltaí an bhiúró parlaimintigh a shannadh?

- Cuóta inscne – íosmhéid 40%
- Cuóta inscne – íosmhéid 30%



- Rialacha comhdheiseanna
- Beart ar bith

Oiliúint sa chomhionannas inscne do FPanna

23. Oiliúint á cur ar fáil do FPanna sa reachtas reatha ag an bparlaimint –mar institiúid– a áirítear léi maidir le comhionannas inscne?

- Tá
- Níl

Fearann 2 — Struchtúr agus eagrú

Cód iompair do FPanna

24. An bhfuil sásraí ag an bparlaimint chun idirdhealú atá bunaithe ar inscne a chosc, amhail cód iompair nó beartais frithchiaptha?

- Tá
- Níl

Tagraíonn cód iompair do na prionsabail, luachanna, caighdeáin, nó rialacha iompraíochta a threoraíonn cinntí, nósanna imeachta agus córais eagraíochta ar bhealach a chuireann le leas a chomhaltáí, agus a urramaíonn cearta na gcomhábhar go léir lena mbaineann a chuid oibríochtaí.

24a. An bhfuil smachtbhannaí le haghaidh iompraíocht neamhchomhlíontach san áireamh sa chód?

- Tá
- Níl

Beartais i gcoinne an idirdhealaithe d’fheisirí agus d’fhostaithe parlaiminteacha

25. An bhfuil beartas foirmiúil i gcoinne an idirdhealaithe ag an bparlaimint?

- Tá
- Níl

25a. Má tá, an ndéantar tagairt go sainráite ann don idirdhealú atá bunaithe ar inscne?

- Tá
- Níl

25b. An bhfuil smachtbhannaí le haghaidh iompraíocht neamhchomhlíontach san áireamh sa bheartas?

- Tá
- Níl



Beartais frithchiaptha d'fheisirí agus d'fhostaithe parlaiminteacha

26. An bhfuil beartas institiúideach i gcoinne gnéaschiaptha i bhfeidhm?

Tá

Níl

26a. Má tá, an bhfuil smachtbhannaí le haghaidh gnéaschiaptha san áireamh ann?

Tá

Níl

26b. Má tá, an leagann an beartas síos nós imeachta foirmiúil chun gearáin maidir le gnéaschiapadh a imscrúdú?

Tá

Níl

Teanga inscne-íogair i rialacha foirmiúla agus buanorduithe

27. An bhfuil rialacha foirmiúla agus buanorduithe scríofa i dteanga atá inscne-íogair?

Tá

Go páirteach

Níl

Mar shampla, má úsáidtear teanga inscne-íogair seachnaítear téarmaí agus ainmfhocail eisiatacha ina ndealraítear go dtagraíonn siad d'fhir amháin, mar shampla, 'cathaoirleach' nó forainmneacha inscne-shonracha chun tagairt a dhéanamh do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith baineannach nó fireannach (úsáid 'sé/sí', 'é/í' nó 'iad/iadsan' in ionad 'sé/a').

Roghanna saoire teaghlaigh le haghaidh FPanna

28. Cé acu de na cineálacha saoire teaghlaigh seo a leanas atá ar fáil do FPanna?

Saoire mháithreachais

Saoire atharthachta

Saoire thuismitheoireachta

Saoire uchtála

Saoire cúramóra

Níl roghanna saoire teaghlaigh ar fáil

Is ionann saoire teaghlaigh agus an ceart chun saoire ar chúiseanna teaghlaigh agus d'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith i gceist leis: saoire mháithreachais, saoire thuismitheoireachta, saoire uchtála agus saoire cúramóra.

a) Saoire mháithreachais: Saoire ón obair do mháithreacha sa tréimhse díreach roimh agus i ndiaidh breithe;



- b) Saoire atharthachta: Saoire ón obair d'aithreacha, saoire atá cosúil le saoire mháithreachais;c)
c) Saoire thuismitheoireachta: Saoire tar éis saoire mháithreachais/atharthachta, saoire ar féidir le ceachtar tuismitheoir a thógáil;
d) Saoire uchtála: Saoire bhailí a thugtar d'fhostaithe as freastal ar imeachtaí dlí a mbíonn uchtáil dá dtoradh agus ina theannta sin, amhail saoire mháithreachais nó atharthachta, ar feadh tréimhse ama tar éis leanbh a uchtáil.
e) Saoire Curamóra: Saoire ón obair d'oibrithé chun cúram pearsanta a chur ar fáil do dhuine muinteartha, nó do dhuine a chónaíonn sa teach céanna leis an oibrí agus a dteastaíonn cúram nó tacaíocht shuntasach air nó uirthi ar chúis thromchúiseach leighis.

Nósanna imeachta maidir le vótáil ionadaíochta/seachvótáil

29. An bhfuil nós imeachta ann le haghaidh vótáil ionadaíochta/seachvótáil do FPanna atá ar saoire teaghlaigh?

- Tá
Níl

Uaireanta oibre a thacaíonn le teaghlaigh

30. An bhfuil rialachán oifigiúil ann maidir le huaireanta oibre?

- Le haghaidh comhaltaí parlaiminteacha
Le haghaidh FPanna
Níl

Foráil airgeadais le haghaidh cúram leanaí

31. An bhfuil aon chineál forálacha airgeadais chun cúram leanaí a bhainistiú?

- Le haghaidh comhaltaí parlaiminteacha
Le haghaidh FPanna
Níl

Baineann an cheist le forálacha a sháraíonn an t-íoslíon dlíthiúil

Fearann 3 – Eagrú foirne agus nósanna imeachta

Cothromaíocht inscne san fhoireann tacaíochta

32. Líon na mban agus líon na bhfear a fhostaíonn an pharlaimint

Mná Fir



Cothromaíocht inscne maidir le ról a bhainistiú

33. Líon na mban agus na bhfear a bhfuil ról bhainistíochta acu

Mná Fir

Ranna nó aonaid atá faoi cheannas ban agus fear

34. An líon ranna/aonad atá faoi cheannas ban agus fear

Mná Fir

Cláir oiliúna chun cumais na bhfostaithe parlaiminteacha a fheabhsú

35. Ar réachtáladh aon chlár oiliúna/mheantóireachta sa bhliain féilire deiridh chun cumais na bhfostaithe parlaiminteacha a fheabhsú?

Tá

Níl

35a. An raibh rannóg tiomanta don chomhionannas inscne san áireamh sna cláir oiliúna?

Clár amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le comhionannas inscne

GE cuid tiomanta de chlár amháin nó níos mó

GE nach cuid é atá tiomanta do chlár amháin nó níos mó ach a chuirtear san áireamh mar sin féin

Níl sé clúdaithe

36. Líon na mban agus líon na bhfear a ghlac páirt sna cláir oiliúna

Mná Fir

Bearna tuarastail idir fostaithe baineanna agus fireanna

37. An ndearna an pharlaimint staidéar ar an mbearna phá inscne i measc na ghrúpaí difriúla a lucht oibre laistigh de na 5 bliana seo caite?

Rinne

Ní dhearna

37a. Más amhlaidh go ndearna, an raibh torthaí an staidéir a rinneadh ar an mbearna phá ar fáil don phobal?



Tá

Níl

Socruithe solúbtha oibre

38. An bhfuil aon rialacha foirmiúla ann maidir le socruithe solúbtha oibre d’fhostaithe parlaiminteacha ? (e.g. páirtaimseartha, teilea-oibriú)

Tá

Níl

39. Cé acu de na roghanna saoire teaghlaigh seo a leanas atá ar fáil d’fhostaithe parlaiminteacha?

Saoire mháithreachais

Saoire atharthachta

Saoire thuismitheoireachta

Saoire uchtála

Saoire cúramóra

Níl roghanna saoire teaghlaigh ar fáil

Is ionann saoire teaghlaigh agus an ceart chun saoire ar chúiseanna teaghlaigh agus d’fhéadfadh iad seo a leanas a bheith i gceist leis: saoire mháithreachais, saoire thuismitheoireachta, saoire uchtála agus saoire cúramóra.

a) Saoire mháithreachais: Saoire ón obair do mháithreacha sa tréimhse díreach roimh agus i ndiaidh breithe;

b) Saoire atharthachta: Saoire ón obair d’aithreacha, saoire atá cosúil le saoire mháithreachais;c)

c) Saoire thuismitheoireachta: Saoire tar éis saoire mháithreachais/atharthachta, saoire ar féidir le ceachtar tuismitheoir a thógáil;d).

d)Saoire uchtála: Saoire bhailí a thugtar d’fhostaithe as freastal ar imeachtaí dlí a mbíonn uchtáil dá dtoradh agus ina theannta sin, amhail saoire mháithreachais nó atharthachta, ar feadh tréimhse ama tar éis leanbh a uchtáil.

e) Saoire Cúramóra: Saoire ón obair d’oibríthe chun cúram pearsanta a chur ar fáil do dhuine muinteartha, nó do dhuine a chónaíonn sa teach céanna leis an oibrí agus a dteastaíonn cúram nó tacaíocht shuntasach air nó uirthi ar chúis thromchúiseach leighis.

RÉIMSE 3: Tá SPÁS leordhóthanach ag leasanna agus ag ábhair imní na mban ar an gclár oibre parlaiminteach

Fearann 1 – Struchtúir a bhaineann le príomhshruthú inscne



Comhlacht comhionannais inscne tiomanta

40. An bhfuil comhlacht comhionannais inscne tiomanta sna struchtúir parlaiminteacha, mar shampla, cácas, gréasán traspháirtí, nó coiste ban?

Tá

Níl

40a. Sciar de pháirtithe a bhfuil suíocháin sa pharlaimint acu a bhfuil comhaltaí acu sa chomhlacht comhionannais inscne

Gach páirtí

Níos mó ná leath

Leath de na páirtithe

Níos lú ná leath

Páirtí ar bith

Acmhainní an chomhlachta comhionannais inscne

40b. An bhfuil buiséad tiomnaithe ag an gcomhlacht comhionannais inscne le haghaidh a ghníomhaíochtaí?

Tá

Níl

Teagmháil an chomhlachta comhionannais inscne le geallsealbhóirí seachtracha

40c. An féidir leis an gcomhlacht comhionannais inscne éisteachtaí a reáchtáil nó bualadh le geallsealbhóirí seachtracha go foirmiúil?

Tá

Níl

40d. Ar reáchtáil an comhlacht comhionannais inscne éisteachtaí nó ar bhuail sé le geallsealbhóirí seachtracha i rith na bliana féilire deiridh?

Tá

Níl

Líonrú inmheánach an chomhlachta comhionannais inscne

40e. Ar reáchtáil an comhlacht comhionannais inscne gníomhaíochtaí líonraithe inmheánacha (cruinnithe leis an gcainteoir, le grúpaí parlaiminteacha nó le coistí) i rith na bliana féilire deiridh?

Tá

Níl



41. Céard iad na feidhmeanna a bhíonn ag an gcomhlacht comhionannais inscne go foirmiúil?

- Faisnéiseach (féadfaidh an comhlacht faisnéis a bhailiú agus/nó imscrúdú a dhéanamh ar chásanna sonracha)
- Comhairleach (féadfaidh an comhlacht tuairimí agus moltaí maidir le hobair parlaiminte a thabhairt)
- Reachtach (féadfaidh an comhlacht dlíthe a mhionsaothrú, a phlé agus a mholadh)
- Aitheasc polaitiúil (féadfaidh an comhlacht tionscnaimh reachtacha a threorú agus gníomhaíochtaí beartais sonracha a iarraidh)
- Rialú (faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar achtacháin dlí)
- Neamhbhainteach

Fearann 2 – Uirlisí príomhshruthaithe inscne

Comhairliúchán agus rannpháirtíocht inscne-dhírithe le geallsealbhóirí

42. Líon na mban agus líon na bhfear a ndeachaigh coistí nó grúpaí oibre eile i gcomhairle leo mar shaineolaithe i rith na bliana féilire deiridh

Mná Fir

43. An ndeachaigh coistí nó grúpaí oibre eile i gcomhairle le saineolaithe inscne seachtracha i rith na bliana féilire deiridh?

- Tá
- Níl

Acmhainní daonna le haghaidh saincheisteanna comhionannais inscne

44. An dtéitear i gcomhairle le fostaithe parlaiminteacha go rialta le linn próiseas reachtach?

- Téitear
- Go páirteach
- Ní théitear

Oiliúint chomhionannais inscne (GET) le haghaidh FPanna

45. Ar táirgeadh oiliúint chomhionannais inscne (GET) do FPanna riamh?

- Tá
- Ní hea

Tá tuilleadh eolais maidir le hoiliúint chomhionannais inscne ar fáil ar Ardán Príomhshruthaithe Inscne EIGE.



46. Líon na mban agus líon na bhfear ar FPanna iad a d'fhreastail ar an seisiún oiliúna comhionannais inscne is déanaí a reáchtáladh

Mná Fir

Comhionannas inscne i bplean straitéiseach na parlaiminte

47. An bhfuil comhionannas inscne luaite go sainráite i bplean straitéiseach na parlaiminte?

Tá

Níl

Plean comhionannais inscne (GEP)

48. An bhfuil plean comhionannais inscne ag an bparlaimint?

Tá

Níl

Buiséadú inscne sa bhuiséad náisiúnta

49. An bhfuil aon chineál buiséadú inscne curtha chun feidhme ag an bparlaimint maidir leis an mbuiséad náisiúnta?

Tá

Níl

Is éard is buiséadú inscne ann straitéis chun comhionannas a bhaint amach idir mná agus fir trí dhíriú ar an gcaoi a mbailítear agus a gcaitear acmhainní poiblí. Tá trí chuspóir ag buiséadú inscne: cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn i bpleanáil fhioscach; rannpháirtíocht fhreagrúil inscne sa phróiseas buiséid a mhéadú, mar shampla trí bhearta a dhéanamh chun comhdheis a thabhairt do mhná agus d'fhir páirt a ghlacadh in ullmhú an bhuiséid; agus comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn.

Comhlacht atá i gceannas ar bhuiséadú inscne

49b. An bhfuil aon chineál buiséadú inscne curtha chun feidhme ag an bparlaimint maidir leis an mbuiséad inmheánach?

Tá

Níl

50. An bhfuil comhlacht inmheánach i gceannas ar bhuiséadú inscne?

Tá

Níl

Fearann 3 – Uirlisí príomhshruthaithe inscne don fhoireann



Beartas foirmiúil comhionannais inscne

51. An bhfuil beartas foirmiúil comhionannais inscne ann d'fhostaithe parlaiminteacha?

Tá

Níl

Comhlacht comhionannais inscne tiomanta

52. An bhfuil comhlacht laistigh den pharlaimint atá freagrach as comhionannas inscne a chur chun cinn i measc d'fhostaithe parlaiminteacha?

Tá

Níl

Oiliúint chomhionannais inscne (GET) d'fhostaithe parlaiminteacha

53. Ar táirgeadh oiliúint chomhionannais inscne (GET) d'fhostaithe parlaiminteacha i rith na bliana féilire deiridh?

Tá

Níl

54. Líon na mban agus líon na bhfear de na fostaithe parlaiminteacha a d'fhreastail ar an seisiún oiliúna comhionannais inscne is déanaí a reáchtáladh

Mná Fir

Buiséad leithdháilte chun uirlisí príomhshruthaithe inscne a chur chun feidhme

55. An bhfuil buiséad leithdháilte chun uirlisí príomhshruthaithe inscne agus gníomhaíochtaí dearfacha a chur chun feidhme i rith na bliana reatha?

Tá

Níl

REÍMSE 4: Táirgeann an pharlaimint REACHTAÍOCHT inscne-íogair

Fearann 1 – Dlíthe agus Beartais comhionannais inscne

Dlíthe comhionannais inscne

56. An bhfuil aon dlíthe nó cuótaí reachtacha i bhfeidhm chun comhionannas inscne i do thír a fheabhsú?



Tá

Níl

57. Má tá dlíthe ag an tír a bhfuil comhionannas inscne á bhfeabhsú acu, céard iad na príomhréimsí beartais ar tugadh aghaidh orthu leis na dlíthe seo?

Príomhshruthú inscne

Foréigean inscnebhunaithe

Cothromaíocht oibre is saoil

Mná agus an geilleagar

Mná i gcinnteoireacht

Inscne agus oideachas, taighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht

Inscne agus meáin

Neamhbhainteach

Daingniú doiciméid idirnáisiúnta

58. An bhfuil an Coinbhinsiún maidir le haon chineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) daingnithe ag an tír?

Tá

Níl

59. An bhfuil an tír ina páirt i nDearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA)?

Tá

Níl

59a. An bhfuil straitéis náisiúnta forbartha ag an tír chun Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA) a chur chun feidhme?

Tá

Níl

60. An bhfuil an Coinbhinsiún chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) daingnithe ag an tír?

Tá

Níl

Plean Gníomhaíochta Inscne

61. An bhfuil plean gníomhaíochta inscne nó clár náisiúnta chun comhionannas inscne sa reachtas reatha á chur chun cinn go hoifigiúil ag an bparlaimint?

Tá

Níl



62. Céard iad na príomhréimsí beartais a dtugtar aghaidh orthu sa phlean gníomhaíochta inscne?

- Príomhshruthú inscne
- Foréigean inscnebhunaithe
- Cothromaíocht oibre is saoil
- Mná agus an geilleagar
- Mná i gcinnteoireacht
- Inscne agus oideachas, taighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht
- Inscne agus meáin
- Neamhbhainteach

Fearann 2 – Príomhshruthú inscne i ndlíthe

Measúnú tionchair inscne in obair reachtach

63. An bhfuil aon rialacha ina sonraítear gur cheart go nglacfaí le measúnú tionchair inscne mar chuid den phróiseas reachtach?

- Tá
- Níl

63a. An bhfuil smachtbhannaí ann maidir le neamhchomhlíonadh le ceanglais measúnú tionchair inscne?

- Tá
- Níl

Dlíthe a ndearnadh measúnú orthu maidir le saincheisteanna inscne

64. Sa reachtas reatha, céard é an céatadán dlíthe achtaithe a ndearnadh measúnú tionchair inscne ina leith?

- Gach dlí
- Níos mó ná a leath
- Leath de na dlíthe
- Níos lú ná leath
- Dada

Uirlisí tacaíochta chun inscne a phríomhshruthú in obair reachtach

65. An bhfuil uirlisí/treoirínte tiomanta ar fáil do FPanna nó dá bhfoirne chun anailís inscne agus measúnú tionchair inscne a dhéanamh?

- Tá



Níl

Fearann 3 – Maoirseacht ar Chomhionannas Inscne

Struchtúr tiomnaithe le haghaidh maoirseacht ar chomhionannas inscne

66. An bhfuil comhlacht tiomnaithe ann a dhéanann maoirseacht ar chomhionannas inscne i ngníomhaíocht rialtais?

Tá

Níl

Is bealach é feidhm mhaoirseachta chun a chinntiú go mbeidh na comhlachtaí feidhmiúcháin freagrach as a gcuid gníomhaíochtaí, agus lena áirithiú go gcuireann siad beartais i bhfeidhm i gcomhréir leis na dlíthe agus leis an mbuiséad arna rith ag an bparlaimint.

66a. An bhfuil buiséad ann chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhionannas inscne?

Tá

Níl

Faireachán ar dhoiciméid daingnithe

67. Cad iad na coinbhinsiúin/comhaontuithe idirnáisiúnta a ndéanann an parlaimint faireachán orthu go rialta?

CEDAW

BPfA

Coinbhinsiún Iostanbúl

Dada

68. An eisíonn an parlaimint moltaí chun na coinbhinsiúin daingnithe a achtú?

Tá

Níl

Faireachán ar dhlíthe comhionannais inscne

69. Má tá dlíthe comhionannais inscne i bhfeidhm, an ndéanann an parlaimint faireachán tréimhsiúil ar chur chun feidhme na ndlíthe sin?

Tá

Níl

70. An eisíonn an parlaimint moltaí d'achtú na ndlíthe comhionannais inscne?

Tá

Níl



Comhairliúchán inscne-dhírthe leis na geallsealbhóirí don fheidhm mhaoirseachta formhaoirseachta

71. Sa bhliain féilire deiridh, ar reáchtáil an pharlaimint comhairliúcháin le geallsealbhóirí inscne-dhírthe, chun tacú lena maoirseacht ar an bhfeidhm comhionannais inscne?

Tá

Níl

RÉIMSE 5: Tá a feidhm SHIOMBALACH á comhlíonadh ag an bparlaimint

Fearann 1 – Bríonna siombalacha spásanna fisiceacha

Eagrú inscne-íogair spásanna

72. An bhfuil aon saoráidí cúraim leanaí ag an bparlaimint, amhail seomraí beathú cíche nó teaghlaigh?

Tá, do gach duine

Níl

73. An bhfuil aon bheartais nó iarrachtaí oifigiúla i bhfeidhm chun inscne-íogaireacht spásanna fisiciúla a fheabhsú?

Tá

Níl

Tagraíonn inscne-íogaireacht don aidhm atá ann tuiscint a fháil ar agus na fachtóirí sochaíocha agus cultúrtha a bhaineann le heisiamh agus le hidirdhealú inscnebhunaithe sna réimsí is éagsúla den saol poiblí agus príobháideach a chur san áireamh. Díríonn sé go príomha ar chásanna de mhíbhuntáiste struchtúrach i bpoist agus i róil na mban.

74. An bhfuil cothromaíocht inscne le tabhairt faoi deara i measc na foirne slándála?

Tá

Níl

Bríonna siombalach spásanna agus maisiúcháin parlaiminte

75. An bhfuil aon rialacha nó nósanna imeachta ann chun cothromaíocht inscne a áirithiú nuair a bhíonn spásanna parlaiminte á n-ainmniú?

Tá

Níl



76. An bhfuil aon rialacha nó nósanna imeachta ann chun ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de maidir le hábhair a áirithiú i bpictiúir, i ndealbha agus i maisiúcháin eile?

Tá

Níl

77. An bhfuil aon rialacha nó nósanna imeachta i bhfeidhm ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de sna healaíontóirí a gcuirtear a gcuid saothair i láthair sa pharlaimint?

Tá

Níl

Fearann 2 — Comhionannas inscne i gcumarsáid agus in ionadaíocht sheachtrach

Tionscnaimh chomhionannais inscne don phobal

78. An raibh aon tionscnaimh ann atá tiomnaithe do shaincheisteanna comhionannais inscne/cearta ban ar áitreabh na parlaiminte i rith na bliana féilire deiridh?

Tá

Níl

D'áireofaí i measc tionscnamh den sórt sin, mar shampla, turais threoraithe ina ndéantar cur síos ar stair na mban sa pharlaimint; taispeántais tiomanta do mhná cáiliúla i stair na tíre, etc.

Comhionannas inscne i gcumarsáid ar líne

79. An bhfuil rannóg ar shuíomh gréasáin na parlaiminte do shaoránaigh a dhéileálann le comhionannas inscne?

Tá

Níl

Cumarsáid oifigiúil inscne-íogair

80. An bhfuil beartas sonrath ag an bparlaimint maidir le comhionannas inscne i gcumarsáid oifigiúil?

Tá

Níl

Mar shampla, ba cheart go gcinnteodh straitéis cumarsáide gur cuid shofheicthe d'aitheantas agus d'fhéinléiriú seachtrach eagraíochta é comhionannas inscne. Tá tuilleadh eolais faoi thiomantas na hinstiúide do chomhionannas inscne a chur in iúl, le fáil i [sraith straitéisí EIGE um Measúnú Tionchair Inscne](#).

Infheictheacht saincheisteanna inscne



81. An bhfuil faisnéis faoi thionscnaimh a bhaineann le comhionannas inscne na parlaiminte á scaipeadh i measc an phobail agus na sochaí sibhialta go córasach?

Tá

Níl

Cothromaíocht inscne i dtoscaireachtaí

82. An bhfuil beartas oifigiúil i bhfeidhm le haghaidh toscaireachtaí parlaiminteacha a bhfuil cothromaíocht inscne le tabhairt faoi deara iontu?

Tá

Níl